**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**

**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**
**ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

# REACHT CCCLII

# Irish Universities Act, 1908

# Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929
# Universities Act, 1997

# National University of Ireland, Galway

## STATUTE CCCLII

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University.

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this twenty-eighth Day of February, Two Thousand and Seventeen.

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

**L.S.**

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

## Schedule - STATUTE CCCLII

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth.

**Irish Universities Act, 1908**

**Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929**
**Acht na nOllscoileanna, 1997**

**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

**REACHT CCCLII**

Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.

Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an t-ochtú lá seo is fiche do mhí Feabhra, Dhá Mhíle agus a Seacht Déag .

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

**L.S.**

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

**Sceideal - REACHT CCCLII**

Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.

## CHAPTER I

## APPOINTMENT OF THE PRESIDENT

1. Statute CCCI is hereby amended as follows:

   (a) by the substitution of the following provision for Section 2 thereof:

   > "The requirement for the President of the University to have a proficiency in the Irish language is hereby revoked. The President, however, shall exercise strong leadership in supporting and promoting the University's commitment to the Irish language and culture as set out in the University College Galway (Amendment) Act 2006, and Sections 12 and 18 of the Universities Act 1997 each as may be amended. In addition, the President shall actively support and promote the work of University personnel directly involved in developing and furthering the Irish language and culture. This encompasses but is not limited to the work of Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, the University Coiste Seasta Um Cháilíocht Teanga, the University Discipline of Gaeilge, the University Centre for Irish Studies, the University School of Education, and the University Marketing and Communications Office. The President shall also lead the implementation of the University Scéim Teanga in accordance with Section II of Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 as may be amended. In discharging all of the aforementioned responsibilities, the President shall have regard to the unique public role of the University in supporting Gaeltacht and other Irish medium communities. In fulfilling the University commitment to the Irish language and culture, the President shall lead by personal example and endeavour".

## CHAPTER II

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.

2. This Statute shall come into operation on the twenty-eighth day of February, Two Thousand and Seventeen, and may be cited as Statute CCCLII, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCLII, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common
Seal of National University of
Ireland, Galway, was affixed hereto:

**L.S.**

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

## CAIBIDIL I

## AN tUACHTARÁN A CHEAPADH

1. Déantar Reacht CCCI a leasú leis seo mar leanas:

   (a) tríd an bhforáil seo a leanas a chur in ionad Alt 1(a) de sin:

   > "Leis seo déanfar an riachtanas d'inniúlacht sa Ghaeilge do phost na hUachtaránachta san Ollscoil a chealú. Beidh sé de dhualgas ar an Uachtarán, áfach, ceannasaíocht láidir a léiriú maidir le gealltanas na hOllscoile i leith chur chun cinn na Gaeilge agus cultúr na Gaeilge mar atá leagtha amach in Acht an Choláiste Ollscoile Gaillimh (Leasú), 2006, agus i Míreanna 12 agus 18 d'Acht na nOllscoileanna, 1997 agus de réir mar a leasfar iad amach anseo. De bhreis ar seo, beidh ról gníomhach ag an Uachtarán tacú leis on obair a bhéas idir lámha ag comhleacaithe a bhfuil ról ar leith acu san Ollscoil i bhforbairt agus i gcur chun cinn na Gaeilge maraon le cultúr na Gaeilge. Níl an dualgas seo teoranta do na haonaid seo a leanas amháin: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Coiste Seasta Um Cháilíocht Teanga na hOllscoile, Disciplín Gaeilge na hOllscoile, Ionad an Léinn Éirinnigh, agus an Oifig Margaíochta and Cumarsáide san Ollscoil. Chomh maith leis seo, beidh sé de dhualgas ar an Uachtarán ceannasaíocht a thabhairt maidir le Scéim Teanga na hOllscoile a fheidhmiú mar atá leagtha amach i Mír II d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus de réir mar a leasfar é amach anseo. Agus na dualgais thuasluaite go léir á gcomhlíonadh ag an Uachtarán, beidh aird ar leith aige/aici ar an ról poiblí atá ag an Ollscoil maidir leis an nGaeltacht agus pobail lánghaeilge eile a thacú. Agus é/í i mbun gnímh chun gealltanas na hOllscoile i leith na Gaeilge agus chultúir na Gaeilge a chomhlíonadh, beifear ag súil go léireoidh an tUachtarán dúthracht agus dea-chleachtas pearsanta ina chuid ceannasaíochta".

## CAIBIDIL II

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.

2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an t-ochtú lá is fiche do mhí Feabhra, Dhá Mhíle agus a Seacht Déag, agus féadfar Reacht CCCLII, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCLII, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-
Shéala Ollscoil na hÉireann,
Gaillimh, dó seo:

**L.S.**

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*